2024/842

12.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/842 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Márta 2024

lena n-athfhorchuirtear bearta coimirce ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle ([1]) dá ngairtear 'Rialachán GSP' anseo feasta, agus go háirithe Airteagal 26 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Tar éis imscrúdú coimirce a dhéanamh de bhun Airteagal 22 ('Rialachán GSP'), d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') an 17 Eanáir 2019 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 ([2]) lena bhforchuirtear bearta coimirce ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma a thagann faoi chóid AC 1006 30 27, 1006 30 48, 1006 30 67 agus 1006 30 98, lenar thug an Coimisiún isteach arís dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar allmhairí ríse Indica ar feadh tréimhse bliana agus lenar laghdaigh sé de réir a chéile an ráta dleachta is infheidhme ar feadh dhá bhliain ina dhiaidh sin ('an Rialachán atá i gceist').

1.1. An breithiúnas i gCás T-246/19

(2) Rinne Ríocht na Cambóide agus Cónaidhm Ríse na Cambóide agóid i gcoinne an Rialacháin atá i gceist i gCúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Ghinearálta').

(3) Lena breithiúnas an 9 Samhain 2022 i gCás T-246/19 Ríocht na Cambóide agus Cónaidhm Ríse na Cambóide v an Coimisiún ('an Breithiúnas'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 lena bhforchuirtear bearta coimirce maidir le hallmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma, chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní é.

(4) Chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid dlí agus earráid fhollasach mheasúnúcháin trí theorainn threallach a chur ar raon feidhme a imscrúdaithe maidir leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais i gcás muilleoirí ríse Indica meilte nó leathmheilte a próiseáladh ó rís gan scilligeadh a fásadh nó a baineadh san Aontas Eorpach agus i gcás na muilleoirí sin amháin. An sainmhíniú mícheart ar tháirgeoirí an Aontais, rinne sé an anailís maidir le deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ann a chur ó mhaith mar gur fhág an Coimisiún roinnt de na táirgeoirí de chuid an Aontais as an measúnú ar dhíobháil.

(5) Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin nár sholáthair an Coimisiún fianaise de réir an chaighdeáin is gá i ndáil leis na coigeartuithe a rinneadh i gcomhthéacs na hanailíse ar shladghearradh praghais.

(6) Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta gur sháraigh an Coimisiún cearta cosanta na n-iarratasóirí agus an oibleagáid na fíorais agus na breithnithe riachtanacha nó na mionsonraí a bhí ina mbonn leo a nochtadh. Go háirithe, ní dhearna an Coimisiún faisnéis maidir leis na sonraí a nochtadh a bhí ina mbonn leis na táscairí tomhaltais agus díobhála agus leis an anailís ar shladghearradh praghais agus leis na coigeartuithe a rinneadh tar éis bharúlacha na bpáirtithe leasmhara maidir leis an doiciméad ginearálta nochta.

([1]) IO L 303, 31.10.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce maidir le hallmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma, chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní é (IO L 15, 17.1.2019, lch. 5).

1.2. **An breithiúnas a chur chun feidhme**

(7) Le hAirteagal 266 CFAE, foráiltear nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais Chúirteanna an Aontais a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar gníomh arna ghlacadh ag na hinstitiúidí a neamhniú i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin, amhail imscrúduithe coimirce ghinearálta faoi Rialachán GSP, is éard atá i gceist le comhlíonadh an bhreithiúnais ó Chúirt an Aontais gníomh nua a chur in ionad an ghnímh neamhnithe, lena gcuirtear deireadh leis an neamhdhleathacht a shainaithin an Chúirt ([3]).

(8) De réir an chásdlí, féadfar an nós imeachta maidir le hionadú an ghnímh neamhnithe a atosú ag an bpointe ar tharla an neamhdhleathacht ([4]). Tugann sé sin le tuiscint, go háirithe, i gcás ina ndéantar gníomh lena gcuirtear nós imeachta riaracháin i gcrích a neamhniú, nach gá go ndéanfadh an neamhniú difear do na gníomhartha ullmhúcháin, amhail, sa chás seo, tionscnamh an nós imeachta coimirce. I gcás, mar shampla, ina gcuirtear Rialachán lena bhforchuirtear bearta ginearálta coimirce faoi Rialachán GSP ar neamhní, lena ndearna an Coimisiún Eorpach dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar allmhairí a thabhairt isteach arís ar feadh tréimhse trí bliana, ciallaíonn sé sin, tar éis an neamhnithe, go bhfuil an nós imeachta coimirce fós oscailte, toisc go bhfuil an gníomh lenar tugadh an nós imeachta coimirce i gcrích imithe ó dhlíchóras an Aontais ([5]), ach amháin má tharla an neamhdhleathacht ag céim an tionscnaimh.

(9) Sa chás seo, chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán i gceist ar neamhní ar na forais a luaitear faoi aithrisí (4) go (6).

(10) Tar éis an bhreithiúnais, chinn an Coimisiún an 19 Eanáir 2023, trí bhíthin Fógra ('an Fógra um Athoscailt') ([6]), an t-imscrúdú a athoscailt agus é a atosú ag an bpointe ag ar tharla an neamhrialtacht.

(11) Mar a míníodh san Fhógra athoscailte, ba é an cuspóir a bhí leis an imscrúdú bunaidh a athoscailt aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na hearráidí a shainaithin an Chúirt Ghinearálta, agus a mheas an gá, de bharr chur i bhfeidhm na rialacha mar a shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta iad, na bearta a ath-fhorchur, rud a d'fhágfadh go dtabharfaí isteach arís dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide a thagann faoi chóid AC 1006 30 27, 1006 30 48, 1006 30 67 agus 1006 30 98, agus lenar laghdaigh sé de réir a chéile an ráta dleachta is infheidhme ina dhiaidh sin, ar feadh na tréimhse tosaigh 3 bliana, is é sin idir an 18 Eanáir 2019 agus an 18 Eanáir 2022.

(12) An tráth céanna a foilsíodh an Fógra athoscailte, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/132 ón gCoimisiún ([7]), thug an Coimisiún treoir do na húdaráis chustaim náisiúnta fanacht le toradh an athscrúdaithe sula ndéanfaí cinneadh maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht a bhaineann leis na dleachtanna a chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní agus aon éileamh ar aisíocaíochtaí na ndleachtanna a cuireadh ar neamhní a chur ar feitheamh go dtí gur foilsíodh toradh an athscrúdaithe san *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(13) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas nuair a athosclaíodh iad.

1.3. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara ar an athoscailt**

(14) Fuair an Coimisiún tuairimí ó pháirtí leasmhar amháin ([8]).

([3]) Cásanna uamtha 97, 193, 99 agus 215/86, Asteris v an Coimisiún EU:C:1988:46, míreanna 27 agus 28; agus Cás T-440/20 Jindal Saw v An Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:318, mír 115.

([4]) Cás C-415/96, An Spáinn v an Coimisiún, EU:C:1998:533, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle EU:C:2000:531, míreanna 80 go 85; Cás T-301/01 Alitalia v an Coimisiún EU:T:2008:262, míreanna 99 agus 142; Cásanna Uamtha T-267/08 agus T-279/08 Région Nord-Pas de Calais v An Coimisiún EU:T:2011:209, mír 83.

([5]) Cás C-415/96, An Spáinn v an Coimisiún, EU:C:1998:533, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle EU:C:2000:531, míreanna 80 go 85.

([6]) Fógra um athoscailt an imscrúdaithe coimirce tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 i gCás T-246/19 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear bearta coimirce ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma, (IO C 18, 19.1.2023, lch. 8).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/132 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 maidir le bearta coimirce i ndáil le hallmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide tar éis athoscailt an imscrúdaithe chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 a chur chun feidhme i gCás T-246/19, a mhéid a bhaineann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 (IO L 17, 19.1.2023, lch. 88)

([8]) Is é Coceral an comhlachas Eorpach trádála i ngránaigh, síolta ola, rís, piseánaigh, ola olóige, olaí agus saillte, beatha ainmhithe agus agra-sholáthar.

(15) Chuir Coceral fáilte roimh athoscailt an imscrúdaithe ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide. Ag an am céanna, luaigh sé arís na hargóintí a rinneadh i gcomhthéacs an imscrúdaithe bunaidh as ar tháinig an Rialachán atá i gceist, agus dúirt sí freisin nár tugadh forbhreathnú iomlán ar an margadh trádála ríse leis an Rialachán atá i gceist.

(16) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna roinnt de mhaímh Coceral san tagairt don anailís as dáta a rinneadh sa Rialachán atá i gceist agus nach raibh siad ábhartha a thuilleadh nó gur thug an Coimisiún aghaidh orthu cheana féin sa Rialachán atá i gceist. Maidir le cinntí sa Rialachán atá i gceist, ar cinntí iad nár cuireadh ina gcoinne, nó ar cuireadh ina gcoinne ach ar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dóibh, nó nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta iad agus nach mbaineann na hearráidí a fuarthas sa Bhreithiúnas leo, tá siad go hiomlán bailí i gcónaí ([9]).

1.4. **Nochtadh**

(17) An 20 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na fíorais agus an breithniú riachtanach thuasluaite ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige a mholadh go ndéanfaí bearta coimirce maidir le rís Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar a ath-fhorchur le haghaidh na tréimhse ón 18 Eanáir 2019 go dtí an 18 Eanáir 2022.

(18) Tugadh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Fuarthas barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh ó Chónaidhm Rís na Cambóide ('CRF').

(19) Ina dhiaidh sin, an 11 Eanáir 2024, tugadh soiléiriú breise do CRF maidir leis an gcaoi ar ríomhadh méid díolachán iomlán an Aontais. Níor chuir CRF aon bharúil eile ar fáil maidir leis an soiléiriú.

(20) Breithníodh na barúlacha a chuir páirtithe CRF isteach, agus cuireadh san áireamh iad sa Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí.

2. ATHSCRÚDÚ AR NA SAINCHEISTEANNA A SHAINAITHIN AN CHÚIRT GHINEARÁLTA

2.1. **An táirge lena mbaineann agus táirge comhchosúil nó táirge atá in iomaíocht dhíreach**

(21) Chinn an Chúirt Ghinearálta ([10]) go bhfuil na saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag rís Indica mheilte nó leathmheilte ó rís gan scilligeadh, cé acu a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach í nó a tháirgtear laistigh den Aontas í. Úsáidtear an dá cheann chun na gcríoch céanna, próiseálann na hoibreoirí céanna iad, dáiltear ar bhealaí comhchosúla iad, agus bíonn siad in iomaíocht le chéile. Thairis sin, de ghnáth ní dhéanann tomhaltóirí idirdhealú idir táirgí an Aontais agus táirgí allmhairithe, rud a chuireann i dtábhacht an choibhéis idir rís a tháirgtear san Aontas agus rís allmhairithe. Léiríonn inmhalartacht na gcineálacha ríse sin, ar rud é a aithníonn muilleoirí, go bhfuil cineál comhionann acu beag beann ar a dtionscnamh. Dá bhrí sin, dar leis an gCúirt Ghinearálta, gan beann ar thionscnamh an amhábhair ónar próiseáladh í, ní mór rís Indica mheilte nó leathmheilte a tháirgtear san Aontas Eorpach a aicmiú mar tháirge comhchosúil nó atá in iomaíocht dhíreach de rís Indica mheilte nó leathmheilte de thionscnamh na Cambóide.

(22) Dá bhrí sin, i bhfianaise an chinnidh sin, chinn an Coimisiún go bhfuil rís Indica mheilte nó leathmheilte a tháirgtear san Aontas cosúil leis an táirge lena mbaineann nó in iomaíocht dhíreach léi beag beann ar thionscnamh an amhábhair ónar próiseáladh í.

(23) I gcomhréir leis an mBreithiúnas, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag rís Indica mheilte nó leathmheilte a tháirgtear san Aontas agus a allmhairítear. Tá na húsáidí céanna acu agus díoltar iad trí bhealaí díolacháin comhchosúla nó trí bhealaí díolacháin comhionanna, leis an gcineál céanna custaiméirí. Is miondíoltóirí nó próiseálaithe san Aontas iad na custaiméirí sin. Tagraítear don táirge lena mbaineann agus don táirge comhchosúil agus don táirge atá in iomaíocht dhíreach le chéile mar an táirge faoi bhreathnú.

([9]) Cás T-650/17, *Jinan Meide Casting Co., Ltd*, EU:T:2019:644, míreanna 333–342.
([10]) An Breithiúnas, míreanna 86-91.

2.2. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais**

(24) Chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnúcháin trí theorainn threallach a chur ar raon feidhme a imscrúdaithe maidir leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais i gcás muilleoirí ríse Indica meilte nó leathmheilte a próiseáladh ó rís gan scilligeadh a fásadh nó a baineadh san Aontas Eorpach agus i gcás na muilleoirí sin amháin ([11]).

(25) Ina athmheasúnú, agus i bhfianaise chinntí na Cúirte Ginearálta, mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb é atá i dtionscal an Aontais na muilleoirí ríse Indica uile san Aontas, beag beann ar thionscnamh an amhábhair ónar próiseáladh é.

(26) I mbeagán focal, chun críocha an imscrúdaithe seo, de réir shainiú an Choimisiúin is é atá i dtionscal an Aontais muilleoirí an Aontais a mhuilleálann nó a phróiseálann rís Indica gan scilligeadh nó rís Indica scilligthe.

(27) I bhfianaise an tsainmhínithe athraithe ar thionscal an Aontais mar a mhínítear in aithris (25) agus chun an fhaisnéis bhreise a fháil a mheastar a bheith riachtanach chun athmheasúnú domhain a dhéanamh ar staid eacnamaíoch agus/nó airgeadais thionscal an Aontais, sheol an Coimisiún cleachtadh samplála nua le haghaidh tháirgeoirí an Aontais ('muilleoirí ríse').

(28) D'iarr an Coimisiún go díreach nó go hindíreach (trí chomhlachas na muilleoirí) ar gach muilleoir ríse aitheanta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh sa chleachtadh samplála, lena n-áirítear iad a eisiatar ón sampla sa Rialachán atá i gceist toisc nach raibh siad ach ag próiseáil ríse allmhairithe gan scilligeadh nó rís scilligthe de thionscnamh neamh-AE.

(29) Níor thug aon táirgeoir breise ón Aontas freagra ar an gcleachtadh samplála laistigh den teorainn ama. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún an sampla bunaidh ina raibh na cuideachtaí seo a leanas: Herba Riceamills, S.L. Ebro Foods; Riso Scotti SPA; Riso Viazzo agus Riso Ticino. Níor thug aon pháirtí aon bharúil maidir leis an nóta lena ndeimhnítear an sampla ([12]). In 2017, na ceithre tháirgeoir san Aontas a chomhoibrigh go hiomlán san imscrúdú, tháirg siad thart ar 165 000 tona ríse Indica meilte agus leathmheilte, arb é 17,5 % de tháirgeacht mheasta iomlán ríse Indica an Aontais (thart ar 944 000 tona). Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh an sampla sin ionadaíoch.

(30) Chun na sonraí a bhí in easnamh a bhailiú maidir leis an amhábhar neamh-AE (rís gan scilligeadh nó rís scilligthe), d'eisigh an Coimisiún ceistneoir athbhreithnithe do na muilleoirí ríse sampláilte. Cé gur fhreagair roinnt muilleoirí ríse tríd an gceistneoir nuashonraithe a chur isteach, dheimhnigh roinnt eile acu an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe sin le linn an imscrúdaithe tosaigh.

(31) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CRF nár chuir an Coimisiún Breithiúnas na Cúirte Ginearálta chun feidhme go leormhaith i ndáil le sampla ionadaíoch de tháirgeoirí an Aontais a bhunú, go háirithe nach ndearna sé iarracht leormhaith teagmháil a dhéanamh le táirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, dar le CRF, measúnú iomlán an Choimisiúin ar staid eacnamaíoch agus/nó airgeadais thionscal an Aontais, a mhéid a bhaineann sé le sonraí micreacnamaíocha agus torthaí a bhaineann leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, bhí sé fós curtha ó bhail.

(32) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. I gcomhréir leis an rialú ón gCúirt Ghinearálta, is éard a bhí i dtionscal an Aontais gach muilleoir ríse Indica san Aontas, beag beann ar thionscnamh an amhábhair ónar próiseáladh an rís. Ina fhógra athoscailte, chuir an Coimisiún in iúl go soiléir gur cuireadh tús arís leis an imscrúdú bunaidh ag an gcéim inar tharla an neamhrialtacht agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara uile iad féin a chur in aithne, a dtuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le saincheisteanna a bhaineann le hathoscailt an imscrúdaithe.

(33) Tar éis an athoscailte, an 15 Feabhra 2023, d'iarr an Coimisiún ar na muilleoirí sampláilte san imscrúdú bunaidh athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfreagraí ar an gceistneoir agus na sonraí ábhartha maidir le táirgeadh an táirge lena mbaineann a chur isteach, beag beann ar cé acu a allmhairíodh an rís Indica a úsáideadh, nó a fásadh san Aontas í (t23.000906). Thug an Coimisiún dá aire, mar thoradh díreach ar an athoscailt, gur ghá an ceistneoir a cuireadh isteach roimhe seo a thabhairt cothrom le dáta agus an sainmhíniú 'Rís Indica a táirgeadh ar bhonn ríse, beag beann ar cé acu a allmhairíodh an rís a úsáideadh, nó a fásadh san Aontas í' a chur san áireamh.

([11]) An Breithiúnas, mír. 97.

([12]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad lena ndeimhnítear na muilleoirí ríse sampláilte de chuid an Aontais dar dáta an 8 Márta 2023 (t23.001276).

(34) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún iarracht teacht ar gach muilleoir aitheanta agus anaithnid a tháirgeann rís Indica. Go háirithe, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go díreach leis na muilleoirí aitheanta atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin (go príomha ag próiseáil na ríse gan scilleagadh/scilligthe), cumainn muilleoirí náisiúnta na hIodáile, na Spáinne agus na Portaingéile agus Cónaidhm na hEorpa na Muilleoirí Ríse, ag iarraidh ar na comhlachais a mbaill a chur ar an eolas faoin gcleachtadh samplála nua agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh. Ní mór a mheabhrú, mar a luaitear sa litir chumhdaigh an 17 Feabhra 2023 (t23.000887) a seoladh chuig na páirtithe leasmhara a d'fhéadfadh a bheith ann, gurb é an cuspóir a bhí ag an gCoimisiún an botún a d'aimsigh an Chúirt Ghinearálta a cheartú (gan ach muilleoirí ríse Indica meilte nó leathmheilte a próiseáladh ó rís gan scilleagadh a fásadh nó a baineadh san Aontas a chumhdach i raon feidhme an imscrúdaithe) agus, ar an mbealach sin, sampla tháirgeoirí an Aontais a mhéadú, agus ní díreach cuideachtaí nua a chur in ionad na gcuideachtaí sampláilte a roghnaíodh cheana san imscrúdú bunaidh.

(35) I bhfianaise ghníomhaíochtaí uile an Choimisiúin mar a thuairiscítear thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CRF nach ndearna sé iarrachtaí leormhaithe chun muilleoirí an Aontais a shroicheadh.

(36) Mhaígh CRF freisin nach raibh taifid iontaofa ag cuideachtaí a thuilleadh, go háirithe maidir leis na sonraí sonracha a d'iarr an Coimisiún, chun a bheith in ann freagra cruinn a thabhairt ar an gceistneoir agus tugann an t-ábhar imní sin le fios gur ar éigean is féidir a mheas gur sonraí iontaofa atá sna sonraí nuashonraithe ó tháirgeoirí an Aontais atá sa sampla cheana.

(37) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh seo ós maíomh gan bhunús atá ann dar leis. Níor luaigh aon cheann de tháirgeoirí an Aontais deacrachtaí maidir le sonraí breise a sholáthar mar gheall ar an tréimhse ama idir tráth na hiarrata agus an tréimhse a breithníodh leis an gceistneoir. Ina theannta sin, mar is léir ón gcomhad neamhrúnda, bhí na muilleoirí sampláilte in ann ceistneoir athbhreithnithe a chur isteach arís, de réir mar ba ghá, lena n-áirítear sonraí a bhaineann leis na méideanna a táirgeadh ó rís scilligthe agus gan scilligeadh allmhairithe.

(38) Mhaígh CRF go raibh tionscal an Aontais neamh-chomhoibríoch, ós rud é nár chomhoibrigh ach 17,5 % de thionscal an Aontais, agus gur cheart don Choimisiún an chonclúid iomchuí a bhaint amach agus an t-imscrúdú a fhoirceannadh.

(39) Mar fhreagra ar an maíomh sin, shonraigh an Coimisiún, i gcomhthéacs tionscail ilroinnte, gur mheas sé go raibh sampla ina raibh 17,5 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge lena mbaineann ionadaíoch a dhóthain chun teacht ar chonclúidí a mhéid a bhain le táscairí micrea-airgeadais thionscal an Aontais. Ina theannta sin, níl aon fhoráil i Rialachán GSP ná i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1083/2013 ón gCoimisiún ([13]) maidir leis na rialacha nós imeachta lena leagtar síos leibhéal sonrach ionadaíochta an tsampla. Thairis sin, rinne triúr as na ceithre mhuilleoir shampláilte rís gan scilligeadh/scilligthe nach bhfuil de thionscnamh AE a phróiseáil. Tháinig méadú le himeacht ama ar mhéid táirgeachta na ríse nach de thionscnamh an Aontais Eorpaigh í, agus ba é 40 % an bhuaic sa sampla iomlán. Mar sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(40) Mhaígh CRF maidir leis an seicheamh trína ndeachaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara agus a chleachtadh samplála á dhéanamh aige, go raibh an mháil claonta i leith na gcuideachtaí a cuireadh san áireamh cheana féin i sampla an imscrúdaithe bunaidh agus, dá bhrí sin, go raibh an cleachtadh samplála nua neamhbhailí.

(41) Dhiúltaigh an Coimisiún do na líomhaintí sin. Ar an gcéad dul síos, iarradh san fhógra athoscailte ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl agus faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún. Ar an dara dul síos, ní raibh aon ábharthacht ag seicheamh seolta na litreacha maidir leis an gcinneadh táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil. Is léir é sin go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur litreacha caighdeánacha iad na litreacha a seoladh lenar tugadh cuireadh do pháirtithe comhoibriú agus sonraí a chur isteach. Ar an tríú dul síos, rinneadh an cinneadh maidir leis an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais an 8 Márta 2023, i bhfad tar éis teagmháil a dhéanamh le táirgeoirí féideartha de chuid an Aontais agus lena gcomhlachais agus tar éis iarraidh orthu comhoibriú. Sa chiall sin, rinneadh an cinneadh samplála a luaithe a cuireadh gach páirtí leasmhar féideartha ar an eolas faoin athoscailt agus nuair a tugadh deiseanna dóibh a chur in iúl go raibh sé ar intinn acu comhoibriú leis an imscrúdú.

(42) Ar bhonn a bhfuil thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh CRF maidir le sampla muilleoirí ríse Indica an Aontais.

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1083/2013 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2013 lena mbunaítear rialacha a bhaineann leis an nós imeachta maidir le haistarraingt shealadach fabhar taraife agus le bearta ginearálta cosanta a ghlacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe an Aontais, 5.11.2013, (IO L 293, 5.11.2013 lch. 16).

3. TORADH AN ATHMHEASÚNAITHE AR THIONSCAL AN AONTAIS

(43) De bhun Airteagal 23 de Rialachán GSP, ba cheart a chinneadh go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ann i gcás ina dtagann meath ar dhálaí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais. Agus scrúdú á dhéanamh aige an ann do mheath den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, *inter alia*, na tosca a luaitear in Airteagal 23 de Rialachán GSP, i gcás ina bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil. Dá réir sin, scrúdaigh an Coimisiún na tosca ábhartha chun a chinneadh ar bhain deacrachtaí tromchúiseacha do na muilleoirí ríse.

3.1. **Deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ann**

3.1.1. *Tomhaltas an Aontais*

(44) Chinn an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí úsáid a bhaint as sonraí a fuarthas ó na Ballstáit agus staitisticí allmhairiúcháin a bhí ar fáil trí Eurostat. I bhfianaise ilroinnt ard thionscal an Aontais agus easpa sonraí comhiomlánaithe uile-Aontais maidir le tomhaltas ríse meilte, roghnaigh an Coimisiún 'modheolaíocht an chláir comhardaithe' ([14]). D'úsáid Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe an mhodheolaíocht sin ar feadh roinnt blianta chun meastachán a dhéanamh ar thomhaltas an Aontais, ní hamháin i gcás ríse ach i gcás na ngránach agus na síolta ola uile.

(45) Agus úsáid á baint as an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún, is mar a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais maidir leis an táirge faoi bhreathnú arna shloinneadh i gcoibhéis ríse meilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an Aontais Eorpaigh (AE-28) ([15]):

Tábla 1:

Tomhaltas (tonaí)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Tomhaltas	1 502 020	1 583 957	1 589 263	1 628 824	1 564 224
Innéacs	*100*	*105*	*106*	*108*	*104*

Foinse: Aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat (Tagairt t23.005068 don chomhad oscailte nach bhfuil rochtain ach ag páirtithe leasmhara air).

(46) Tháinig athrú beag ar thomhaltas an táirge i gceist san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Baineadh buaicphointe an tomhaltais amach in BM 2015 nuair a bhí sé 8 % níos airde ná mar a bhí sé ag tús na tréimhse. Tháinig laghdú 4 % ar thomhaltas idir BM 2015 agus BM 2016. D'ainneoin na luaineachta sin, tháinig méadú 4 % ar an tomhaltas ar an iomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.2. *Méadú ar allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar agus a sciar faoi seach den mhargadh*

(47) Rinne an Coimisiún imscrúdú féachaint an ndéantar an táirge lena mbaineann a allmhairiú i méideanna agus/nó ar phraghsanna is cúis, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis, le deacrachtaí móra do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([16]). Léirítear forbairt na n-allmhairí sa tábla thíos.

([14]) Tá míniú ar an modheolaíocht a chuireann Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe i bhfeidhm chun tomhaltas an Aontais a ríomh ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2019-02/balance-sheet-methodology-for-cereals-oilseeds-rice_en_0.pdf

([15]) Is é AE-28 an giorrúchán ar an Aontas Eorpach fad a bhí 28 mBallstát ann, ó aontachas na Cróite in 2013 go dtí tarraingt siar na Ríochta Aontaithe in 2020.

([16]) Chumhdaigh an tréimhse imscrúdúcháin, mar a shainmhínítear in aithris (11) den Rialachán atá i gceist, an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2012 go dtí an 31 Lúnasa 2017. Tugtar an bhliain mhargaíochta ('BM') ar an tréimhse ama idir dhá fhómhar go coitianta freisin, agus i gcás na ríse cuirtear tús leis sin an 1 Meán Fómhair agus críochnaíonn sí an 31 Lúnasa sa bhliain dár gcionn (e.g. BM 2016 = 1 Meán Fómhair 2016 go 31 Lúnasa 2017).

Tábla 2:

Méid na n-allmhairí agus táirgeacht an Aontais (tonaí)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Méid na n-allmhairí ón gCambóid	163 786	224 426	248 912	298 717	253 867
Innéacs	*100*	*137*	*152*	*182*	*155*
Méid na n-allmhairí ó Mhaenmar	2 075	28 666	52 689	35 958	62 808
Innéacs	*100*	*1 381*	*2 539*	*1 733*	*3 027*
Allmhairí iomlána ón gCambóid agus ó Mhaenmar	165 861	253 091	301 601	334 675	316 675
Innéacs	*100*	*153*	*182*	*202*	*191*
Táirgeacht mheasta an Aontais ([1])	1 111 772	1 119 099	1 029 042	1 057 764	944 271
Innéacs	*100*	*101*	*93*	*95*	*85*
Allmhairí na Cambóide/Táirgeacht mheasta an Aontais	15 %	20 %	24 %	28 %	27 %
Allmhairí ó Mhaenmar/Táirgeacht mheasta an Aontais	0 %	3 %	5 %	4 %	7 %
Allmhairí iomlána ón gCambóid agus ó Mhaenmar/Táirgeacht mheasta an Aontais	15 %	23 %	29 %	32 %	34 %

Foinse: Eurostat (i gcoibhéis mheilte – Is toradh é coibhéis mheilte ar chainníocht ríse gan scilligeadh, scilligthe nó leathmheilte a thiontú ina cainníocht chomhfhreagrach ríse meilte. Tá na rátaí comhshó socraithe le Rialachán (CE) Uimh. 1312/2008 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 (IO L 344, 20.12.2008, lch. 56)).

([1]) Ríomhtar táirgeacht mheasta an Aontais (féach an ríomh mionsonraithe in aithris (64)) trí na hallmhairí a chur leis an táirgeacht inúsáidte, trí na honnmhairí gan scilligeadh/scilligthe a asbhaint, agus trí na síolta a bhaint, trí úsáid a bhaint as na sonraí a foilsíodh sa nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir le tomhaltas an 30 Deireadh Fómhair 2023 (tagairt t23.005068) ar an gcomhad oscailte nach bhfuil inrochtana ach ag na páirtithe leasmhara amháin.

(48) Tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí ón gCambóid le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó thart ar 164 000 tona go thart ar 254 000 tona. Tháinig méadú nach beag orthu go dtí BM 2015 agus ansin laghdaigh siad beagán i gcomhthráth le laghdú ar thomhaltas in BM 2016. D'ainneoin an laghdaithe sin, d'fhan allmhairí ón gCambóid 55 % níos airde ná mar a bhí in BM 2012.

(49) Maidir leis na hallmhairí ó Mhaenmar, tháinig méadú orthu freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó thart ar 2 000 tona go thart ar 63 000 tona. D'fhan siad ag leibhéal níos ísle, áfach, i gcomparáid leis an gCambóid. Tháinig méadú mór orthu in BM 2013 agus BM 2014. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú beag orthu in BM 2015, ach mhéadaigh siad go tobann arís in BM 2016, nuair a shroich siad leibhéal a bhí 30 oiread níos mó ná an leibhéal a bhí ann ag tús na tréimhse sin.

(50) Mhéadaigh allmhairí ón gCambóid a sciar de tháirgeacht mheasta an Aontais ó 15 % in BM 2012 go 27 % in BM 2016, ar méadú 12 phointe céatadáin é. Mhéadaigh allmhairí ón Mhaenmar a sciar de tháirgeacht mheasta an Aontais ó nialas, beagnach, in BM 2012 go 7 % in BM 2016. Tháinig méadú ar threochtaí an dá thír agus meastar gur tháinig laghdú nach beag de 15 % ar tháirgeacht an Aontais. Mhéadaigh allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar a sciar den mhargadh ó 15 % in BM 2012 go 34 % in BM 2016, agus tháinig laghdú nach beag ar tháirgeacht mheasta an Aontais.

(51) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí an táirge lena mbaineann, i gcomparáid le hallmhairí iomlána an táirge i gceist isteach san Aontas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus sciar d'allmhairí (tonaí)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Méid na n-allmhairí ón gCambóid	163 786	224 426	248 912	298 717	253 867
Méid na n-allmhairí ó Mhaenmar	2 075	28 666	52 689	35 958	62 808
Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	165 861	253 091	301 601	334 675	316 675
Méid iomlán na n-allmhairí	430 096	531 014	596 774	630 416	632 277
An sciar d'allmhairí na Cambóide	38 %	42 %	42 %	47 %	40 %
Innéacs	*100*	*111*	*110*	*124*	*105*
An sciar d'allmhairí Mhaenmar	0,5 %	6 %	9 %	6 %	10 %
Innéacs	*100*	*1 119*	*1 830*	*1 182*	*2 059*
Sciar d'allmhairí ag na tíortha lena mbaineann	39 %	48 %	51 %	53 %	50 %
Innéacs	*100*	*124*	*131*	*138*	*130*

Foinse: Eurostat (i gcoibhéis mheilte)

(52) Tháinig méadú 5 % ar sciar allmhairí an táirge lena mbaineann ón gCambóid le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó 38 % go 40 %, agus ba é 47 % an bhuaic in BM 2015.

(53) Tháinig méadú faoi 20 ar sciar allmhairí an táirge lena mbaineann ó Mhaenmar le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó 0,5 % go 10 % in BM 2016.

(54) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Cambóide agus Mhaenmar, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhaltas iomlán an Aontais (féach aithris (45)):

Tábla 4

Sciar den mhargadh

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Sciar den mhargadh ag allmhairí ón gCambóid	10,9 %	14,2 %	15,7 %	18,3 %	16,2 %
Innéacs	*100*	*130*	*144*	*168*	*149*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ó Mhaenmar	0,1 %	1,8 %	3,3 %	2,2 %	4,0 %
Innéacs	*100*	*1 310*	*2 400*	*1 598*	*2 907*
Sciar den mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann	11,0 %	16,0 %	19,0 %	20,5 %	20,2 %
Innéacs	*100*	*145*	*172*	*186*	*183*

Foinse: Aigheachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat

(55) Mhéadaigh an Chambóid a sciar den mhargadh ó 10,9 % go 16,2 % agus tháinig méadú ar an sciar den mhargadh atá ag Maenmar, ó 0,1 % go 4 %. Tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar an sciar den mhargadh le chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a mhéadaigh sé ó 11 % go 20,2 %, agus bhí sé ard go fóill i dtreo dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.3. *Praghsanna Allmhairiúcháin*

(56) Léiríonn forbairt mheánphraghas (CIF ag teorainn an Aontais) an táirge a allmhairítear ón gCambóid agus ó Mhaenmar na treochtaí seo a leanas:

Tábla 5

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Praghas ón gCambóid (EUR/tona)	588,4	512,9	562,6	547,4	552,2
Innéacs	*100*	*87*	*96*	*93*	*94*
Praghas ó Mhaenmar (EUR/tona)	420,0	366,5	414,7	410,1	405,4
Innéacs	*100*	*87*	*99*	*98*	*97*
An meánphraghas ualaithe ó na tíortha lena mbaineann (EUR/tona)	586,3	496,3	536,7	532,6	523,1
Innéacs	*100*	*85*	*92*	*91*	*89*

Foinse: Eurostat

(57) Tháinig laghdú 6 % ar phraghas allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Cambóide le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú 3 % ar an bpraghas de thionscnamh Mhaenmar le linn na tréimhse céanna. D'fhan praghsanna allmhairiúcháin ó Mhaenmar níos ísle i gcónaí ná praghsanna na Cambóide. Tháinig laghdú 11 % ar an meánphraghas ualaithe allmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(58) Bhí praghas allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann níos ísle ná praghas díola an Aontais den táirge comhchosúil agus den táirge atá in iomaíocht dhíreach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar an difríocht idir an praghas allmhairiúcháin ón gCambóid agus praghas díola thionscal an Aontais, ó 17 % in BM 2012 go 30 % in BM 2016, agus tháinig méadú ar an difríocht idir praghas allmhairiúcháin Mhaenmar agus praghas díolacháin thionscal an Aontais ó 41 % in BM 2012 go 49 % in BM 2016. Ós rud é, go ginearálta, nach ndéanann tomhaltóirí aon idirdhealú idir tionscnamh éagsúil ríse Indica, tá an difríocht sa phraghas idir praghsanna na Cambóide agus Mhaenmar agus praghsanna mhuilleoirí ríse an Aontais (féach aithris (98)) mór go leor chun go gcuirfeadh allmhairí na Cambóide agus Mhaenmar brú ar phraghsanna an Aontais.

(59) Mar fhocal scoir, tháinig méadú mór ar allmhairí ón gCambóid i ndearbhthéarmaí (55 %, féach aithris (47)) agus i dtéarmaí sciar den mhargadh +5,3 pointe céatadáin (ó 10,9 % go 16,2 % – féach aithris (54)) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Fiú má tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí (féach aithris (51)) in BM 2016 i gcomparáid le BM 2015 (ó 298 717 tona go 253 867 tona), d'fhan sé i bhfad níos airde ná méid na n-allmhairí ag tús na tréimhse imscrúdúcháin (163 786 tona). Ina theannta sin, tháinig laghdú mór ar phraghas an táirge lena mbaineann ó 588,4 go 552,2 EUR/tona (féach an tábla 5 in aithris (56)) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an praghas allmhairiúcháin sin ní b'ísle ná praghas díola thionscal an Aontais agus a chostas táirgthe araon ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú ar fad (féach aithris (78)). Dá bhrí sin, i dtéarmaí méideanna agus praghsanna arda, chuir allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide brú ar fheidhmíocht eacnamaíoch mhuilleoirí ríse an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(60) Tháinig méadú fíormhór ar allmhairí ó Mhaenmar i ndearbhthéarmaí (3 027 %, féach aithris (47)) agus i dtéarmaí sciar den mhargadh +3,9 pointe céatadáin (ó 0,1 % go 4,0 % – féach aithris (54)) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Fiú má tháinig laghdú beag ar mhéid na n-allmhairí (féach aithris (51), laghdaigh sé beagán in BM 2015 i gcomparáid le BM 2014, ó 52 689 tona go 35 958 tona), mhéadaigh sé arís in BM 2016 go dtí 62 808 tona, atá 30 oiread níos airde ná an méid allmhairiúcháin ag tús na tréimhse imscrúdúcháin (2 075 tona). Ina theannta sin, tháinig laghdú ar phraghas an táirge lena mbaineann ó 428,8 go 413,9 EUR/tona (féach an tábla 5 in aithris (56)) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chomh maith leis sin, bhí an praghas allmhairiúcháin ó Mhaenmar i bhfad ní b'ísle ná praghas díola thionscal an Aontais agus a chostas táirgthe araon ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú ar fad (féach aithris (78)), agus ní b'ísle ná praghas na n-allmhairithe ón gCambóid. D'ainneoin méid níos ísle allmhairí ríse Indica de thionscnamh Mhaenmar, i bhfianaise an mhéadaithe mhóir, chuir siad brú freisin ar fheidhmíocht eacnamaíoch mhuilleoirí ríse an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(61) Is ionann an anailís má bhreathnaítear ar éifeachtaí na n-allmhairí ó Mhaenmar agus ón gCambóid le chéile. I dtéarmaí méideanna agus praghsanna araon, chuir allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar brú ar fheidhmíocht eacnamaíoch mhuilleoirí ríse an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.1.4. *Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais*

(62) Fuarthas tosca áirithe, lena n-áirítear sciar den mhargadh, táirgeacht, allmhairí agus praghsanna allmhairiúcháin, ó shonraí macra-staidrimh, agus bhíothas ag brath ar fhreagairtí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí cheistneoirí le haghaidh tosca eile (amhail táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta na muilleoirí sampláilte, praghsanna díola, costas táirgthe, brabúsacht, fostaíocht agus stoic).

3.1.5. *An sciar de mhargadh atá ag tionscal an Aontais*

(63) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díola thionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

Tábla 6

Tomhaltas an Aontais agus an sciar de mhargadh san Aontas

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Tomhaltas	1 502 020	1 583 957	1 589 263	1 628 824	1 564 224
Innéacs	*100*	*105*	*106*	*108*	*104*

Sciar den mhargadh	71,4 %	66,5 %	62,4 %	61,3 %	59,6 %
Innéacs	*100*	*93*	*88*	*86*	*83*

Foinse: Aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais, Eurostat agus ceistneoirí tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(64) D'ainneoin an mhéadaithe 4 % ar thomhaltas an Aontais idir BM 2012 agus BM 2016, tháinig laghdú nach beag ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais, ó 71,4 % go 59,6 % (-17 %). Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann leas iomlán a bhaint as an méadú ar thomhaltas an Aontais go dtí BM 2015 agus tháinig laghdú breise ar a sciar den mhargadh in BM 2016.

4. **Táirgeadh**

(65) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht mheasta an Aontais:

Tábla 7

Táirgeacht (i gcoibhéis tonaí meilte)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Táirgeacht inúsáidte ríse gan scilligeadh san Aontas	685 183	676 984	545 677	447 255	423 963
– Síolta ríse	12 071	10 292	8 415	7 592	8 541
+ Allmhairí amhábhar (gan scilligeadh/scilligthe)	440 153	454 852	493 894	619 786	530 946
– Onnmhairí amhábhar (gan scilligeadh/scilligthe)	1 493	2 445	2 115	1 686	2 098
Táirgeacht mheasta an Aontais	1 111 772	1 119 099	1 029 042	1 057 764	944 271
Innéacs	*100*	*101*	*93*	*95*	*85*

Foinse: Aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat

(66) Tháinig laghdú mór ar tháirgeacht mheasta an Aontais, laghdú 15 % i dtéarmaí coibhneasta agus laghdú 167 501 tona i ndearbhthéarmaí, ó 1 111 772 go 944 271 tona, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(67) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CRF nár cuireadh san áireamh sna sonraí táirgthe stoic ríse gan scilligeadh agus scilligthe ná úsáidí eile le haghaidh na ríse gan scilleagadh nó scilligthe agus, dá bhrí sin, cheistigh CRF iontaofacht na sonraí táirgthe.

(68) Go deimhin, níor chuir an Coimisiún stoc san áireamh agus measachán á dhéanamh aige ar tháirgeacht an Aontais mar a léirítear i dtábla 7. Mar sin féin, níorbh é cuspóir an chleachtaidh sin cainníocht táirgeachta bheacht a shuí ach an treocht a thaispeáint. Is deimhniú eile ar an treocht dhiúltach atá le feiceáil i dtábla 7 éabhlóid na cainníochta táirgeachta arna tuairisciú ag an táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais mar a léirítear i dtábla 8. Ina mheastachán, ghlac an Coimisiún leis gur meileadh an rís ar fad a baineadh i mbliain mhargaíochta áirithe sa bhliain chéanna; sa ríomh teoiriciúil sin, ní bheadh stoc tosaigh ná stoc deiridh an amhábhair san áireamh ach dhéanfaidís cúiteamh ar a chéile. Is é tuairim an Choimisiúin gurb iomchuí an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun meastachán a dhéanamh ar tháirgeacht iomlán an Aontais agus nach n-athrófaí treocht táirgeachta na tréimhse dá ndéanfaí cainníochtaí beaga de stoic an amhábhair nach bhfuil próiseáilte sa bhliain mhargaíochta a chur leis na figiúirí nó a bhaint díobh.

(69) Maidir leis an asbhaint fhéideartha ríse gan scilligeadh le haghaidh úsáidí eile ón táirgeacht mheasta, ní raibh an Coimisiún ar an eolas faoi úsáid fhéideartha eile le haghaidh ríse gan scilligeadh nó rís scilligthe a rachadh níos faide ná na síolta a d'asbhain sé ina ríomh. Thairis sin, níor thug CRF bunús lena mhaíomh maidir le húsáidí féideartha eile agus conas a bhainfí de na sonraí a d'úsáid an Coimisiún. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

4.1.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(70) Léirigh an acmhainneacht táirgeachta ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le haghaidh an táirge lena mbaineann treocht laghdaitheach freisin. Tháinig laghdú 10 % air le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

Tábla 8

Táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Acmhainneacht táirgeachta	304 231	304 231	304 231	304 231	304 231
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*	*100*
Táirgeadh	183 581	180 387	184 891	167 505	165 080
Innéacs	*100*	*98*	*101*	*91*	*90*
Úsáid acmhainneachta	60,3 %	59,3 %	60,8 %	55,1 %	54,3 %
Innéacs	*100*	*98*	*101*	*91*	*90*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(71) Tháinig laghdú ar úsáid acmhainneachta an táirge lena mbaineann ó 60,3 % go 54,3 %.

4.1.2. *Stoic*

(72) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 9

Stoic (tonaí)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Stoc Deiridh	12 378	10 989	15 299	10 138	20 002
Innéacs	*100*	*89*	*124*	*82*	*162*
Táirgeadh	183 581	180 387	184 891	167 505	165 080
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	7 %	6 %	8 %	6 %	12 %
Innéacs	*100*	*90*	*123*	*90*	*180*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(73) Tháinig méadú 62 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar stoic dheiridh, ó 12 378 tona go 20 002 tona, cé go raibh siad ag luainiú sa tréimhse. Ní raibh tionscal an Aontais in ann méid na stoc deiridh a laghdú d'ainneoin an éilimh a bhí ag dul i méid (féach aithris (45)) de dheasca praghsanna ísle na n-allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar atá in iomaíocht leo. Tháinig méadú 80 % freisin ar stoic deiridh arna sloinneadh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.1.3. *Méid na ndíolachán*

(74) Tháinig forbairt ar leibhéil díolachán na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

Méid díolachán (tonaí)

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
Méid iomlán na ndíolachán san Aontas	1 071 923	1 052 943	992 488	998 408	931 947
Innéacs	*100*	*98*	*93*	*93*	*87*
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais – custaiméirí neamhghaolmhara	205 626	200 999	202 131	186 139	179 069
Innéacs	*100*	*98*	*98*	*91*	*87*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat

(75) Tháinig laghdú 13 % ar mhéid na ndíolachán san Aontas le custaiméirí nach bhfuil gaolmhar le táirgeoirí an Aontais. Lean díolacháin iomlána an Aontais den tionscal iomlán treocht atá beagán difriúil ach bhí an toradh céanna ann ag an deireadh (is é sin, laghdú 13 %).

(76) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CRF nár mhínigh an Coimisiún conas a ríomh sé méid díolachán iomlán tháirgeoirí an Aontais agus nár nocht sé na sonraí foinseacha.

(77) Mar fhreagairt ar an maíomh sin, dheimhnigh an Coimisiún do CRF, trí ríomhphost an 11 Eanáir 2024, gur cuireadh na bunsonraí uile a d'úsáid an Coimisiún chun na táscairí maicreacnamaíocha a chinneadh ar fáil cheana do gach páirtí leasmhar an 30 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an gcomhad oscailte (t23.005068) agus tar éis roinnt barúlacha sa dara leagan an 20 Nollaig 2023 (t23.006965). Ar bhonn na sonraí a áiríodh sa dá chomhad thuasluaite, ríomh an Coimisiún díolacháin an Aontais trí mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha a asbhaint ó thomhaltas iomlán an Aontais.

4.1.4. *Praghas díola, costas táirgthe agus brabúsacht*

(78) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghas díola aonaid ualaithe na muilleoirí ríse le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, a gcostas táirgthe agus a mbrabúsacht, le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Praghsanna díola, costas táirgthe agus brabúsacht

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	723,8	729,7	767,3	786,7	805,3
Innéacs	*100*	*101*	*106*	*109*	*111*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	719	704	725	759	815
Innéacs	*100*	*98*	*101*	*106*	*113*

Brabúsacht	0,7 %	3,5 %	5,6 %	3,6 %	– 1,2 %
Innéacs	*100*	*516*	*809*	*521*	*– 175*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(79) Tháinig méadú mór ar chostas táirgthe na muilleoirí níse sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin méadú 6 % in BM 2015, agus méadú 13 % in BM 2016.

(80) Tháinig méadú 11 % ar phraghsanna aonaid na muilleoirí níse sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ag an am céanna, tháinig méadú 13 % ar an gcostas táirgthe le linn na tréimhse céanna. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú i gcomhréir leis an méadú ar a chostas táirgthe agus, dá bhrí sin, bhí sé ag cailleadh airgid faoi dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(81) Luainigh brabúsacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin: bhí sí ag tosú ag an bpointe cóimheá in BM 2012, mhéadaigh ansin go dtí buaicphointe 5,6 % in BM 2014 agus laghdaigh arís go dtí - 1,2 % in BM 2016 (féach aithris (78)). Is míniú ar an treocht sin nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú chun an méadú ar a chostais a chumhdach go leordhóthanach mar a léirítear sa tábla thuas.

4.1.5. *Fostaíocht*

(82) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

Tábla 12

Fostaíocht

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An líon fostaithe	224	223	176	151	158
Innéacs	*100*	*99*	*78*	*67*	*70*

Foinse: Ceistneoirí tháirgeoirí sampláilte de chuid an AontaisTá na sonraí arna soláthar ag táirgeoirí an Aontais bunaithe ar bhlianta féilire agus ní ar bhlianta margaíochta. Ós rud é go bhfuil forluí suntasach idir na tréimhsí sin, tá na treochtaí fós ionadaíoch don tréimhse imscrúdúcháin mar sin féin

(83) Tháinig laghdú 30 % ar líon iomlán na bhfostaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.1.6. *Cásanna féimheachta*

(84) Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún ar chásanna féimheachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás tháirgeoirí de chuid an Aontais.

4.2. **Conclúid maidir le deacrachtaí tromchúiseacha a bheith ann**

(85) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig meath ar staid thionscal an Aontais i dtéarmaí eacnamaíocha agus airgeadais araon.

(86) Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais tairbhe a bhaint as an méadú foriomlán 4 % ar thomhaltas agus chaill sé 17 % dá sciar den mhargadh. An tráth céanna, tháinig méadú 5,3 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag an gCambóid agus méadú 3,9 % i gcás Mhaenmar. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 71,4 % sa bhliain 2012 go dtí 59,6 % in BM 2016. Tháinig laghdú ar tháirgeacht, ar mhéideanna díolacháin, ar úsáid acmhainneachta, agus ar fhostaíocht. Tháinig méadú freisin ar stoic de dheasca an bhrú ó allmhairí níse Indica ón gCambóid agus ó Mhaenmar ar phraghsanna atá faoi bhun chostas táirgthe mhuilleoirí níse an Aontais.

(87) Tháinig laghdú 15 % ar an táirgeacht san Aontas. Dá bhrí sin, ba é a bhí sna deacrachtaí eacnamaíocha den chuid ba mó laghdú ar mhéid na ndíolachán agus an brú praghais a bhí ann de dheasca allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar. Tháinig méadú ar chostas táirgthe thionscal an Aontais ar luas níos airde ná an méadú ar a phraghas díola. In BM 2016, thabhaigh muilleoirí ríse de chuid an Aontais caillteanais mar gheall ar mhéideanna móra allmhairí ar phraghas íseal ón gCambóid agus ó Mhaenmar. Bhí ar mhuilleoirí ríse an Aontais díol faoi bhun an chostais táirgthe chun dul san iomaíocht ar an margadh.

(88) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig meath ar staid eacnamaíoch agus airgeadais thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 23 de Rialachán GSP.

(89) Tar éis an nochta, chuir CRF barúlacha isteach inar léiríodh ábhair imní maidir le hiontaofacht tosca áirithe, go háirithe maidir le sciar den mhargadh, díolacháin iomlána an Aontais, praghsanna díolacháin agus brabúsacht, ós rud é go raibh sonraí nua a bailíodh chun críocha an imscrúdaithe athoscailte éagsúil nó gur léirigh siad treocht éagsúil leis na tosca eacnamaíocha sa Rialachán atá i gceist.

(90) Mheas an Coimisiún nach raibh na comparáidí sin ábhartha agus dá bhrí sin dhiúltaigh sé do na barúlacha sin toisc, mar a mhínítear in aithris (8), gur chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá i gceist ar neamhní. Thairis sin, ós rud é go raibh difríocht idir an sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann agus dá bhrí sin tionscal an Aontais sa dá imscrúdú, tá na sonraí a úsáidtear chun na tosca eacnamaíocha éagsúla a shuí difriúil freisin; dá bhrí sin, ní féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. I gcás ar bith, níorbh é a bhí sa tástáil dhlíthiúil ábhartha ar an imscrúdú athoscailte staid eacnamaíoch mhuilleoirí ríse Indica an Aontais a shuí, i gcomparáid le muilleoirí an Aontais sa bhun-Rialachán, ach chun a shuí ar bhain deacrachtaí eacnamaíocha do tháirgeoirí an Aontais mar a shainmhínítear in aithris (26) iad.

4.3. **Anailís ar fhachtóirí cúisíochta**

(91) A luaithe a shuigh an Coimisiún gur tháinig meath ar staid eacnamaíoch agus airgeadais mhuilleoirí ríse an Aontais de réir bhrí Airteagal 23 de Rialachán GSP, scrúdaigh an Coimisiún an raibh nasc cúisíoch idir allmhairiú an táirge lena mbaineann, ar thaobh amháin, agus mórdheacrachtaí muilleoirí ríse an Aontais, ar an taobh eile. Rinne an Coimisiún anailís freisin féachaint an raibh na deacrachtaí tromchúiseacha inchurtha i leith tosca eile seachas allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar.

4.3.1. *Éifeacht na n-allmhairí ón gCambóid*

(92) Léirítear go soiléir sa tábla agus sna graif thíos comhtharlú idir éabhlóid na n-allmhairí ón gCambóid agus staid thionscal an Aontais a bheith ag laghdú, ar fianaise air sin caillteanas mór de sciartha den mhargadh, rud ba chúis le deacrachtaí tromchúiseacha do mhuilleoirí ríse an Aontais.

Tábla 13a


An sciar den mhargadh

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais	71,4 %	66,5 %	62,4 %	61,3 %	59,6 %
An sciar den mhargadh atá ag an gCambóid	10,9 %	14,2 %	15,7 %	18,3 %	16,2 %

Foinse: Aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat.


Graf 1a

Forbairt ar an sciar den mhargadh (i gcéatadáin)



Graf 2a

Forbairt ar an sciar den mhargadh (i dtonaí)



(93) Méadaíodh méid na n-allmhairí ón gCambóid níos mó ná faoi 90 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chuir an méadú sin ar allmhairí ón gCambóid go mór leis an méadú ar thomhaltas i margadh an Aontais (a bhí teoranta do 62 000 tona, arb é méadú + 4 %) agus chuir sé cosc ar thionscal an Aontais méid a dhíolacháin a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar thomhaltas.

4.3.2. *Éifeachtaí na n-allmhairí ó Mhaenmar*

(94) Chomh maith leis sin, léirítear go soiléir sa tábla agus sna graif thíos comhtharlú idir éabhlóid na n-allmhairí ó Mhaenmar agus staid thionscal an Aontais a bheith ag laghdú, ar fianaise air sin arís caillteanas mór de sciartha den mhargadh, rud ba chúis le deacrachtaí tromchúiseacha do mhuilleoirí ríse an Aontais.

Tábla 13b


An sciar den mhargadh

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais	71,4 %	66,5 %	62,4 %	61,3 %	59,6 %
An sciar den mhargadh atá ag Maenmar	0,1 %	1,8 %	3,3 %	2,2 %	4,0 %

Foinse: Aighneachtaí ó Bhallstáit an Aontais agus Eurostat.


Graf 1b

Forbairt ar an sciar den mhargadh (i gcéatadáin)



Graf 2b

Forbairt ar an sciar den mhargadh (i dtonaí)



(95) Méadaíodh méid na n-allmhairí ó Mhaenmar níos mó ná faoi thart ar 60 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an méadú sin ar allmhairí ó Mhaenmar beagnach chomh mór leis an méadú ar thomhaltas i margadh an Aontais (a bhí teoranta do 62 000 tona san iomlán, arb é méadú 4 %) agus chuir sé cosc ar thionscal an Aontais a mhéid a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar thomhaltas.

(96) An méadú 5,3 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag an gCambóid, agus an méadú 3,9 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag Maenmar, bhí siad ann ag an am céanna le caillteanas 11,8 pointe céatadáin sa sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ó 71,4 % in BM 2012 go 59,6 % in BM 2016. Dá bhrí sin, an méadú sin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ar phraghas íseal, ba é tionscal an Aontais a bhí thíos leis.

4.3.3. *Éabhlóid praghsanna agus costais*

(97) Mar a mhínítear thuas in aithrisí (45), (92)-(96), an méadú ar an leibhéal tomhaltais i dtreo dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, tharla sé ag an am céanna le méadú níos mó agus níos tábhachtaí fós ar allmhairí an táirge lena mbaineann ó gach tír, ón gCambóid agus ó Mhaenmar. Mar gheall ar an mborradh sin faoi allmhairí ar phraghas íseal, a bhí ann a bhuí le tomhaltas a bhí ag dul i méid, bhí margadh an Aontais sáithithe agus laghdaíodh an sciar den mhargadh a bhí ag muilleoirí ríse an Aontais, nárbh fhéidir leo a bheith in iomaíocht le praghsanna allmhairiúcháin a bhí níos ísle fós ná a gcostais táirgthe.

(98) Go deimhin, tharla an méadú ar allmhairí mar gheall ar a bpraghsanna ísle. Bhí praghas allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann níos ísle ná praghas díola an Aontais den táirge comhchosúil agus den táirge atá in iomaíocht dhíreach i rith na tréimhse imscrúdúcháin ar fad. Ina theannta sin, bhí an meánphraghas allmhairiúcháin i bhfad níos ísle freisin ná meánchostas táirgthe mhuilleoirí ríse an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirítear sa tábla thíos an difríocht mhionsonraithe sa phraghas idir an praghas allmhairiúcháin ón gCambóid agus ó Mhaenmar agus praghas díola agus costas táirgthe thionscal an Aontais:

Tábla 14

Comparáid idir praghsanna agus costais

	BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	723,8	729,7	767,3	786,7	805,3
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	718,9	703,8	724,7	758,6	815,0
An meánphraghas allmhairiúcháin ón gCambóid (EUR/tona)	600,8	523,6	574,4	558,9	563,8
An meánphraghas allmhairiúcháin ó Mhaenmar (EUR/tona)	428,8	374,2	423,4	418,7	413,9
Difríocht praghais na Cambóide in (%)	17,0	28,2	25,1	29,0	30,0
Difríocht praghais Mhaenmar in (%)	40,8	48,7	44,8	46,8	48,6

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, Eurostat (Méadaíodh praghsanna na Cambóide agus Mhaenmar trí chostais iar-allmhairiúcháin a chur leis (ar leibhéal 2,1 %) chun praghas inchomparáide a dhéanamh ag teorainn an Aontais).

(99) Tháinig méadú ar an difríocht praghais idir an praghas allmhairiúcháin ón gCambóid agus praghas díola thionscal an Aontais, ó 17 % in BM 2012 go 30 % in BM 2016, agus tháinig méadú ar an difríocht idir praghas allmhairiúcháin Mhaenmar agus praghas díola thionscal an Aontais ó 41 % in BM 2012 go 49 % in BM 2016. Bhí na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann ina gcúis le sochtadh praghsanna mór. Mar thoradh air sin, ní fhéadfadh muilleoirí ríse an Aontais a bpraghas díola a mhéadú go leordhóthanach chun a gcostas táirgthe a chumhdach in BM 2016, rud a chuir brú níos mó ar a bhfeidhmíocht airgeadais agus, dá bhrí sin, bhí siad ag cailleadh airgid faoi dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(100) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil nasc cúisíoch idir na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus na deacrachtaí tromchúiseacha a bhain do thionscal an Aontais.

(101) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CRF go raibh cinneadh an Choimisiúin maidir le deacrachtaí tromchúiseacha bunaithe ar mheasúnú carnach ar mhéid agus ar éifeachtaí praghais allmhairí ríse ón gCambóid agus ó Mhaenmar.

(102) Mheas an Coimisiún go ndearna sé scrúdú ceart ar mhéid agus ar éifeachtaí praghais allmhairí ríse ón gCambóid agus ó Mhaenmar ar leithligh agus go carnach sa nochtadh deiridh. Mar sin féin, ar mhaithe le soiléireacht, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a chinneadh éifeachtaí allmhairí na Cambóide ó allmhairí Mhaenmar a scaradh go soiléir agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Chuige sin, an 29 Eanáir 2024 sheol an Coimisiún nochtadh páirteach breise ('nochtadh páirteach breise') chuig CRF a bhí teoranta do thoradh an mheasúnaithe ar dheacrachtaí tromchúiseacha thionscal an Aontais (roinn 3 den Rialachán) agus cheadaigh sé barúlacha a thabhairt.

(103) Tar éis an nochta deiridh pháirtigh bhreise, bhí CRF den tuairim gur theip ar an gCoimisiún den chéad uair measúnú ar leith a dhéanamh ar mhéid ríse Indica agus ar éifeachtaí praghais ar mhargadh an Aontais agus, ar an dara dul síos, gur cheart don Choimisiún an dara Doiciméad Ginearálta maidir le Nochtadh a nochtadh agus gan díreach toradh an athmheasúnaithe ar thionscal an Aontais amháin a nochtadh.

(104) A mhéid a bhaineann leis an maíomh faoin measúnú carnach, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh a rinne CRF, ar an gcéad dul síos toisc go ndearna an Coimisiún anailís ar leith ar éifeacht mhéideanna agus phraghsanna allmhairí na Cambóide ar mhargadh an Aontais ón anailís ar Mhaenmar; ar an dara dul síos, níor thug CRF bunús leis an bhfáth agus leis an gcaoi ar theip ar an gCoimisiún anailís chuí aonair a dhéanamh, ós rud é go raibh gach táscaire aonair i láthair.

(105) Maidir leis an dara cuid de mhaíomh CRF, a bhaineann leis an dara Doiciméad Ginearálta maidir le Nochtadh nua ina iomláine, mar fhreagairt ar an mbarúil a rinne CRF maidir leis an easpa anailíse ar leith ar allmhairí na Cambóide agus Mhaenmar, mheas an Coimisiún, ar mhaithe le soiléireacht, gurbh iomchuí dara nochtadh a dhéanamh nár bhain ach leis an gcuid lenar bhain maíomh CRF maidir leis an measúnú carnach, agus toisc gur chuir sé i dtábhacht arís an anailís ar leith don Chambóid, agus do Mhaenmar, i ndáil leis an meath ar dhálaí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais.

(106) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, go háirithe, go raibh allmhairí na Cambóide i gcomparáid le Maenmar níos substaintiúla i méideanna, gur shroich siad sciar níos airde den mhargadh agus go raibh praghas níos ísle orthu ná rís Indica mheilte de chuid tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, cé go raibh allmhairí Mhaenmar níos ísle ná méid na Cambóide, bhí siad ar phraghsanna níos ísle fós ná praghsanna na Cambóide. Dá bhrí sin, is léir go raibh deacracht thromchúiseach ann do tháirgeoirí an Aontais, is cuma cé acu a dhéantar measúnú ar an dá fhoinse allmhairí le chéile nó ar leithligh.

(107) Mhaígh CRF gur cheart go mbeadh anailís sladghearrtha curtha ar fáil ag an gCoimisiún ina nochtadh deiridh. Dá bhrí sin, d'iarr CRF ar an gCoimisiún nochtadh deiridh breise a sholáthar ina bhfuil an anailís sladghearrtha atá in easnamh.

(108) Mheabhraigh an Coimisiún nach n-éilítear aon anailís sladghearrtha le hAirteagal 22(1) de Rialachán GSP agus nach dtagraíonn sé ach d'allmhairí i 'méid agus/nó praghsanna' a chruthaíonn deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla agus táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo.

(109) Thairis sin, d'admhaigh an Chúirt Ghinearálta go sainráite i mír 113 den Bhreithiúnas nach leagtar síos oibleagáid shainráite i Rialachán GSP anailís a dhéanamh ar shladghearradh praghsanna ná ar an modh ríofa a mhéid a bhaineann le héifeacht na n-allmhairí a chinneadh. Chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 115 den Bhreithiúnas go bhfuil roinnt modhanna anailíse ann chun scrúdú a dhéanamh an bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán GSP á gcomhlíonadh agus go bhfuil rogha éigin ag an gCoimisiún nuair a roghnaíonn sé an modh trína gcaithfidh sé a fháil amach an gcomhlíontar na coinníollacha sin trí rogha a dhéanamh idir modhanna éagsúla ríofa.

(110) I gcomhréir leis an méid thuas, chinn an Coimisiún san imscrúdú athoscailte seo gan anailís sladghearrtha a dhéanamh ach comparáid a dhéanamh idir forbairt praghsanna an táirge lena mbaineann agus táirgí comhchosúla agus táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo agus costas táirgthe tháirgeoirí an Aontais. Mheas an Coimisiún gur modh iomchuí í an anailís ar an gcomparáid idir praghsanna agus costais a dhéantar i dtábla 14 chun breithmheas a dhéanamh ar dheacrachtaí tromchúiseacha tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh anailís sladghearrtha a dhéanamh.

4.3.4. *Tosca eile*

(111) Rinne an Coimisiún measúnú freisin féachaint an bhféadfadh sé gur chuir tosca eile leis na deacrachtaí tromchúiseacha a bhain do mhuilleoirí ríse an Aontais. Go háirithe, scrúdaigh an Coimisiún tionchar allmhairí ó thríú tíortha ar mheath eacnamaíoch agus airgeadais mhuilleoirí ríse an Aontais.

(112) Méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile a forbraíodh thar an tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 15

Allmhairí ó thríú tíortha eile

Tír		BM 2012	BM 2013	BM 2014	BM 2015	BM 2016
An Téalainn	toirt	137 240	138 540	136 370	141 263	150 409
	Innéacs	*100*	*101*	*99*	*103*	*110*
	Sciar den mhargadh	9,1 %	8,7 %	8,6 %	8,7 %	9,6 %
	meánphraghas	939	861	893	822	741
	Innéacs	*100*	*92*	*95*	*88*	*79*
An India	toirt	53 326	47 083	64 992	72 373	79 683
	Innéacs	*100*	*88*	*122*	*136*	*149*
	Sciar den mhargadh	3,6 %	3,0 %	4,1 %	4,4 %	5,1 %
	meánphraghas	913	1 056	1 058	893	959
	Innéacs	*100*	*116*	*116*	*98*	*105*
An Phacastáin	toirt	27 438	35 201	37 634	34 991	32 616
	Innéacs	*100*	*128*	*137*	*128*	*119*
	Sciar den mhargadh	1,8 %	2,2 %	2,4 %	2,1 %	2,1 %
	meánphraghas	921	1 003	1 004	838	926
	Innéacs	*100*	*109*	*109*	*91*	*101*
An Téalainn, an India, an Phacastáin le chéile	toirt	218 004	220 824	238 996	248 627	262 708
	Innéacs	*100*	*101*	*110*	*114*	*121*
	Sciar den mhargadh	14,5 %	13,9 %	15,0 %	15,3 %	16,8 %
	meánphraghas	930	926	955	845	831
	Innéacs	*100*	*100*	*103*	*91*	*89*
Gach tríú tír (lena n-áirítear an Téalainn, an India, an Phacastáin) ach gan an Chambóid agus Maenmar san áireamh	toirt	264 235	277 922	295 174	295 741	315 602
	Innéacs	*100*	*105*	*112*	*112*	*119*
	Sciar den mhargadh	17,6 %	17,5 %	18,6 %	18,2 %	20,2 %
	meánphraghas	860	837	879	802	775
	Innéacs	*100*	*97*	*102*	*93*	*90*


Foinse: Eurostat.

(113) Tháinig méadú 19 % ar allmhairí ó gach tríú tír (arb é atá iontu 50 % d'allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann san Aontas) seachas na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú i ndearbhthéarmaí, agus bhí 2,6 % den sciar den mhargadh acu (céatadáin atá bunaithe ar shonraí i gcoibhéis mheilte).

(114) Fiú más rud é go bhféadfadh allmhairí ó thríú tíortha eile míniú a thabhairt go páirteach ar an laghdú ar an sciar den mhargadh atá ag an Aontas, is ísle an méadú 2,6 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh ag na hallmhairí tríú tíortha eile sin (ó 17,6 % go 20,2 %), fiú go carnach, ná an méadú ar an sciar den mhargadh atá ag an gCambóid, 5,3 % (ó 10,9 % go 16,2 %) agus ó Mhaenmar, 3,9 % (ó 0,1 % go 4,0 %) (féach Tábla 4 thuas).

Graf 3

Comparáid idir praghsanna agus costais



(*) EUR/tona lena n-áirítear costais iar-allmhairiúcháin ag leibhéal 2,1 %.

(115) Tar éis anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar allmhairí ó thríú tíortha, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil meánphraghsanna i bhfad níos airde ar an táirge lena mbaineann ag na mórthíortha onnmhairiúcháin amhail an Téalainn, an India agus an Phacastáin (atá comhionann le 41 % d'iomlán allmhairí ríse Indica isteach san Aontas i mbliain dheireanach an imscrúdaithe) i gcomparáid le hallmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar, chomh maith le praghsanna díola an Aontais. Dá bhrí sin, níl allmhairí ó na mórthíortha onnmhairiúcháin sin ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais.

(116) Leis an difríocht sna praghsanna idir allmhairí ó gach tríú tír agus allmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar, treisítear an tátal go raibh Maenmar agus an Chambóid in ann, de bharr praghsanna níos ísle i gcás méideanna móra allmhairí, a n-onnmhairí chuig an Aontas a leathnú go tapa le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág go

raibh deacrachtaí móra ag muilleoirí ríse an Aontais i dtéarmaí eacnamaíocha agus airgeadais. Tugann an Coimisiún faoi deara go raibh idir 89 % agus 92 % d'iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag an gCambóid, Maenmar, an Téalainn, an India agus an Phacastáin. Mar a tugadh faoi deara in aithris (51), áfach, ba é a bhí in iomlán na n-allmhairí ón gCambóid 42 % de sciar iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é an sciar a bhí ag Maenmar 6,5 %.

(117) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, fiú dá mba rud é gur chuir allmhairí ó gach tríú tír go teoranta leis an meath eacnamaíoch a bhain do thionscal an Aontais, nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch a bunaíodh leis na hallmhairí ón gCambóid nó ó Mhaenmar.

(118) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CRF, an easpa iomlán d'anailís ar thionchar rís japonica ar mhuilleoirí ríse indica an Aontais, go gcuireann an easpa sin an anailís ar chúisíocht ar fad ó bhail. Thairis sin, mhaígh CRF go n-úsáideann muilleoirí ríse an t-innealra céanna chun rís indica agus japonica a mheilt, agus suíodh gur féidir le muilleoirí aistriú go héasca idir an dá chineál ríse, agus gur cheart don Choimisiún anailís chomhlántach a sholáthar ar mhargadh ríse japonica lena ndéanfaí measúnú ar mhéid an táirgthe, ar acmhainneacht úsáide, ar bhrabús agus ar fhostaíocht.

(119) Thug an Coimisiún dá aire nár thug CRF bunús lena mhaíomh gur cheart don Choimisiún a anailís chúisíochta a chomhlánú leis an measúnú ar an margadh ríse japonica. Thar ráiteas simplí, níor chuir CRF aon fhianaise isteach maidir le hábharthacht fhorbairt an mhargaidh ríse japonica meilte do staid eacnamaíoch tháirgeoirí ríse indica meilte an Aontais. Ina theannta sin, fiú má ghlactar leis gur féidir le muilleoirí athrú go héasca idir rís indica agus rís japonica, léirigh na sonraí a scrúdaigh an Coimisiún nach ndearnadh aon oiriúnú ó bhí deacrachtaí tromchúiseacha roimh thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairiú ríse indica. I bhfocail eile, fiú má tháinig méadú ar tháirgeadh japonica in BM 2015 agus BM 2016 tar éis laghdú sa tréimhse BM 2012 go 2014, níor mhaolaigh forbairt den sórt sin an nasc cúisíoch a bunaíodh idir allmhairí indica agus na deacrachtaí tromchúiseacha a fuarthas. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin mar mhaíomh gan bhunús.

(120) Mhaígh CRF nach raibh aon chomhtharlú in am idir éabhlóid na n-allmhairí agus an meath ar staid thionscal an Aontais i dtéarmaí brabúsachta ó 2015/2016 go 2016/2017.

(121) Thug an Coimisiún dá aire gur luaigh CRF bliain amháin ón tréimhse imscrúdúcháin agus chuir sé i láthair é ar bhealach ar leith, as comhthéacs. Mar sin féin, scrúdaíonn an measúnú maidir le deacrachtaí tromchúiseacha ar threochtaí roinnt blianta i ndiaidh a chéile mar a shainordaítear le hAirteagal 10(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh.1083/2013. Ní féidir ach le treochtaí agus comhchoibhneas treochtaí thar thréimhse níos faide den sórt sin pictiúr iontaofa a thabhairt ar dheacrachtaí tromchúiseacha agus ar a gcúiseanna. Trí bhreathnú ar threochtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar fad, is féidir leis an údarás imscrúdúcháin gan a bheith curtha ar míthreoir ag asluitigh, amhail an t-asluiteach ar a raibh CRF ag brath ina argóint.

(122) Thairis sin, léirigh an Coimisiún, trí bhreathnú ar na treochtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar fad, gur léir gur tháinig méadú os cionn 50 % ar na hallmhairí ón gCambóid ó bhí BM 2014 ann (féach Tábla 2 den Rialachán) agus gur tháinig méadú beagnach 5 phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh. An tráth céanna, léirigh na príomhtháscairí uile maidir le staid thionscal an Aontais laghduithe suntasacha (féach aithris (66) maidir le táirgeacht, aithris (71) maidir le húsáid acmhainneachta, aithris (82) maidir le fostaíocht agus aithris (75) maidir le díolacháin). Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún go soiléir an comhtharlú in am idir an méadú ar allmhairí ón gCambóid agus sciartha den mhargadh agus meath staid thionscal an Aontais. Diúltaítear don mhaíomh, dá bhrí sin.

4.3.5. *Conclúid maidir le cúisíocht*

(123) Tá nasc cúisíoch suite ag an gCoimisiún idir na deacrachtaí tromchúiseacha atá ag tionscal an Aontais agus na hallmhairí ó gach tír ina aonar, is é sin ón gCambóid agus, ar leithligh, ó Mhaenmar. Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar thosca eile, go háirithe allmhairí ó thríú tíortha eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na deacrachtaí sin. Go háirithe, chinn an Coimisiún nár mhaolaigh allmhairí ó thríú tíortha an nasc cúisíoch, agus go bhfuil fíornasc

cúisíoch fós ann idir allmhairí na Cambóide agus Mhaenmar agus na deacrachtaí tromchúiseacha a bhí ag muilleoirí ríse an Aontais. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún, aon tionchar a bheadh ag an bhfachtóir thuasluaite ar staid mhuilleoirí ríse an Aontais, nár mhaolaigh sé an nasc idir méid na n-allmhairí, go háirithe ón gCambóid, agus praghsanna ón gCambóid agus ó Mhaenmar agus na deacrachtaí tromchúiseacha a d'fhulaing muilleoirí ríse an Aontais.

5. **NOCHTADH**

(124) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh CRF nár nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe riachtanacha uile a d'ordaigh an Chúirt Ghinearálta don Choimisiún a nochtadh, rud a sháraigh a chearta cosanta.

(125) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh seo ós maíomh gan bhunús atá ann dar leis. Go deimhin, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe riachtanacha uile ar ar a mbonn ar tháinig sé ar an gconclúid gur allmhairíodh rís Indica ón gCambóid agus ó Mhaenmar i méideanna agus ar phraghsanna a chruthaigh deacrachtaí tromchúiseacha do thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, tá údar le bearta coimirce. Go háirithe, nocht an Coimisiún le Nóta don chomhad dar dáta an 30 Deireadh Fómhair 2023 na sonraí uile agus an mhodheolaíocht a d'úsáid sé chun tomhaltas agus na táscairí díobhála a ríomh. Ina theannta sin, tar éis do CRF barúlacha tosaigh a thabhairt maidir leis an Nóta, rinne an Coimisiún athbhreithniú air agus chuir sé ar fáil arís é ina fhormáid athbhreithnithe tráth an nochta dheiridh. Ina theannta sin, mar a d'iarr CRF, chuir an Coimisiún síneadh leis an sprioc-am le haghaidh barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh ón 3 Eanáir 2024 go dtí an 8 Eanáir 2024, rud a thug cúig lá breise thar na 14 lá féilire atá sainordaithe go dlíthiúil do CRF barúlacha a thabhairt. A mhéid a bhaineann le ríomhanna sladghearrtha, mar a mhínítear thuas in aithrisí (107)-(109), chinn an Coimisiún gan ríomh sladghearrtha a dhéanamh, dá bhrí sin ní raibh aon ghá le nochtadh ina leith sin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur urramaíodh ceart cosanta na bpáirtithe, agus diúltaítear do mhaíomh CRF nach amhlaidh an cás.

(126) Mhaígh CRF freisin gur thóg siad roinnt pléadálacha dlí eile os comhair na Cúirte Ginearálta nár tugadh aghaidh orthu, agus dá bhrí sin nár dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dóibh, rud a léirigh tuilleadh neamhdhleathachta in anailís bhunaidh an Choimisiúin. Dar le CRF, leanann na pléadálacha sin nár tugadh aghaidh orthu ag an gCúirt Ghinearálta d'anailís reatha an Choimisiúin a chur ó bhail.

(127) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin toisc nach raibh bunús leis, go háirithe toisc nár thug CRF míniú agus bunús leis an gcaoi a raibh na maímh a rinne sé os comhair na Cúirte Ginearálta ábhartha don imscrúdú atá idir lámha.

(128) Ina theannta sin, ós rud é go raibh athbhreithniú ar an measúnú carnach a rinne an Coimisiún mar thoradh ar roinnt de na barúlacha CRF a fuarthas tar éis an nochta deiridh, an 28 Eanáir 2024 sheol an Coimisiún nochtadh páirteach breise chuig CRF agus chuir sé ar fáil do na páirtithe leasmhara uile é. Níor chuir ach CRF barúlacha breise isteach maidir leis an nochtadh páirteach breise ar tugadh aghaidh orthu in aithrisí (102)-(105).

6. **CONCLÚIDÍ CRÍOCHNAITHEACHA**

(129) Tagtar ar an gconclúid gur allmhairíodh rís Indica ón gCambóid agus ó Mhaenmar i méideanna agus ar phraghsanna a chruthaigh deacrachtaí tromchúiseacha do thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, go bhfuil údar le bearta coimirce.

(130) De réir Airteagal 22 de Rialachán GSP, ba cheart dleachtanna na Comhtharaife Custaim de EUR 175 in aghaidh an tona a dheimhniú agus ba cheart iad a athbhunú don tréimhse idir an 18 Eanáir 2019 agus an 18 Eanáir 2020, agus iad a laghdú de réir a chéile ina dhiaidh sin i mbliain 2 (EUR 150 in aghaidh an tona) agus i mbliain 3 (EUR 125/tona).

(131) Measann an Coimisiún go dtugann anailís agus conclúidí an imscrúdaithe seo aghaidh iomlán ar na hearráidí a shainaithin an Chúirt Ghinearálta agus tá sé den tuairim gur gá na bearta a ath-fhorchur de bharr chur i bhfeidhm na rialacha, mar a shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta iad.

(132) Deimhníonn an Coimisiún, mar a luaitear sa Rialachán atá i gceist, gur cheart na bearta coimirce a léirscaoileadh de réir a chéile le linn na tréimhse sin. Tá sé mar phríomhchuspóir ag Rialachán GSP cúnamh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha ina n-iarrachtaí an bhochtaineacht a laghdú agus dea-rialachas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, trí chuidiú leo fostaíocht, tionsclú agus ioncam breise, go háirithe, a ghiniúint tríd an trádáil idirnáisiúnta. Cuidíonn an socrú speisialta Gach Ní Seachas Airm (EBA), mar a leagtar síos i Rialachán GSP, leis na tíortha is boichte agus is laige ar domhan leas a bhaint as deiseanna trádála. Tá próifíl eacnamaíoch den chineál céanna ag na tíortha sin den chuid is mó. Tá siad leochaileach mar gheall ar bhonn onnmhairiúcháin íseal agus neamhéagsúlaithe agus, dá bhrí sin, tá cosaintí áirithe acu faoi Rialachán GSP amhail, mar shampla, díolúine ó ghrádú táirgí agus ó chur i bhfeidhm coimircí uathoibríocha.

(133) Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún go bhfuil údar maith ann do thairbhithe EBA an ráta dleachta a laghdú de réir a chéile thar an tréimhse trí bliana, mar a leagtar amach thíos.

(134) Is leor laghdú de réir a chéile freisin chun gníomhú in aghaidh mheath staid eacnamaíoch agus airgeadais mhuilleoirí ríse an Aontais.

(135) Dá réir sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí an dleacht taraife seo a leanas a thabhairt isteach arís ar feadh tréimhse 3 bliana.

	bliain 1	bliain 2	bliain 3
Dleacht (EUR/tona)	175	150	125

(136) Ós rud é gur dheimhnigh an Coimisiún gur cheart go bhfanfadh na dleachtanna i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón gCambóid agus ó Mhaenmar le linn na tréimhse idir an 18 Eanáir 2019 agus an 18 Eanáir 2022, ba cheart do na húdaráis chustaim diúltú d'aon éileamh ar aisíocaíocht.

(137) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste aum Fhabhair Ghinearálaithe dá dtagraítear Airteagal 39(3) de Rialachán (CE) Uimh. 978/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Maidir le dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma agus atá faoi láthair faoi chóid AC 1006 30 27, 1006 30 48, 1006 30 67 agus 1006 30 98, tugtar isteach arís iad a mhéid a bhaineann le hallmhairí a rinneadh sa tréimhse idir an 18 Eanáir 2019 agus an 18 Eanáir 2022.

2. Is é 175 a bheidh sa dleacht is infheidhme in EUR in aghaidh an tona den táirge a thuairiscítear i mír 1 don chéad bhliain (ón 18 Eanáir 2019 go dtí an 18 Eanáir 2020), 150 don dara bliain (ón 18 Eanáir 2020 go dtí an 18 Eanáir 2021) agus 125 don tríú bliain (ón 18 Eanáir 2021 go dtí an 18 Eanáir 2022).

Airteagal 2

Ní dhéanfar aon dleacht arna bailiú de bhun Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/67 a aisíoc ná a loghadh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN